2026/149

26.3.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/149 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Eanáir 2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 74 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/2116, tugadh isteach an measúnú cáilíochta ar an gcóras faireacháin limistéir agus ar an iarratas geospásúil mar ghné éigeantach den chóras comhtháite.

(2) Le Rialachán (AE) 2025/2649 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), cuireadh isteach Airteagal 70a nua de Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann leis an measúnú cáilíochta ar an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, ar an gcóras iarratais gheospásúil agus ar an gcóras faireacháin limistéir. Cumasctar na trí mheasúnú cáilíochta in aon mheasúnú cáilíochta amháin. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 1 agus 3, 4 agus 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 ([3]) a leasú chun an cumasc sin de na measúnuithe cáilíochta a léiriú.

(3) Chun an líon cuairteanna feirme a laghdú agus chun an t-ualach ar fheirmeoirí a laghdú, sa mheasúnú ar an gcóras faireacháin limistéir agus ar an iarratas geospásúil, níor cheart go ndíreofaí ach ar choinníollacha incháilitheachta ar féidir faireachán a dhéanamh orthu, a shainmhínítear in Airteagal 10(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 ón gCoimisiún ([4]). Dá bhrí sin, chun críoch simpliúcháin, ba cheart Airteagail 4 agus 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2025/2649 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis (IO L, 2025/2649, 31.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2649/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta agus cur i bhfeidhm agus ríomh pionós riaracháin maidir le coinníollacht (IO L 183, 8.7.2022, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1172/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta (IO L 183, 8.7.2022, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1173/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) measúnú cáilíochta ar an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, ar an gcóras iarratais gheospásúil agus ar an gcóras faireacháin limistéir dá dtagraítear in Airteagal 70a den Rialachán sin;'

(2) in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Déanfaidh na Ballstáit an measúnú cáilíochta dá dtagraítear in Airteagal 70a de Rialachán (AE) 2021/2116 ar bhonn bliantúil chun críoch na tacaíochta bunúsaí ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta. Cumhdófar na heilimintí seo a leanas sa mheasúnú cáilíochta sin:'

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

Measúnú cáilíochta ar an gcóras iarratais gheospásúil

1. Leis an measúnú cáilíochta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 70a de Rialachán (AE) 2021/2116, déanfar measúnú ar iontaofacht na faisnéise san iarratas geospásúil agus ar chruinne na faisnéise a úsáidtear chun na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/2115 a thuairisciú. Go háirithe, déanfar measúnú sa mheasúnú cáilíochta ar iomláine agus ar chruinneas na faisnéise a réamhlíontar san iarratas geospásúil, ar iomláine agus ar chruinneas na bhfoláireamh treorach a sholáthraítear do na tairbhithe le linn an phróisis iarratais agus ar inrianaitheacht na n-athruithe uile a chláraítear sna hiarratais gheospásúla tar éis í a chur isteach.

2. Beidh na nithe seo a leanas i gceist sa mheasúnú cáilíochta:

(a) fíorú go raibh an fhaisnéis a d'úsáid an Ballstát chun an t-iarratas geospásúil a réamhlíonadh iomlán, ceart agus cothrom le dáta;

(b) fíorú arna dhéanamh ag an mBallstát go raibh an limistéar a dhearbhaigh tairbhí le haghaidh idirghabháil limistéarbhunaithe bunaithe i gceart i ndáil leis na coinníollacha incháilitheachta is infheidhme;

(c) fíorú gur cuireadh san áireamh coinníollacha incháilitheachta na n-idirghabhálacha agus, i gcás inarb ábhartha, ceanglais choinníollachta, a mhéid is féidir, chun Ballstáit foláirimh threoracha a eisiúint chuig tairbhithe le linn an phróisis iarratais;

(d) fíorú gur chláraigh an Ballstát na leasuithe uile ar an iarratas geospásúil tar éis é a chur isteach ar bhealach gur féidir a rianú ar eascair siad as rabhadh córais faireacháin limistéir, gníomhaíocht de chuid an tairbhí nó aon fhoinse eile.

3. Déanfar an measúnú cáilíochta dá bhforáiltear i mír 2, pointí (a), (c) agus (d), trí bhíthin tástáil TF a dhéanamh ar an bpróiseas iarratais agus é a athdhéanamh i gcás sampla ionadaíoch d'iarratais ar chabhair.

4. Maidir leis an bhfíorú faoi mhír 2, pointe (b), déanfar an measúnú cáilíochta trí anailís a dhéanamh ar íomhánna na bliana féilire céanna agus ar an gcáilíocht chéanna ar a laghad is gá don mheasúnú cáilíochta dá dtagraítear in Airteagal 70a de Rialachán (AE) 2021/2116 nó, i gcás inár gá, cuairteanna *in situ*. Déanfar an fíorú sin trí thomhas a dhéanamh ar an limistéar a dearbhaíodh maidir le hidirghabháil ar an sampla a roghnaíodh chun measúnú cáilíochta a dhéanamh ar an gcóras faireacháin limistéir dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin.

5. Gach idirghabháil limistéarbhunaithe arna bhainistiú ag an gcóras comhtháite ar idirghabhálacha iad lena mbaineann ar a laghad coinníoll incháilitheachta amháin ar féidir faireachán a dhéanamh air, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iad a chur san áireamh sna samplaí dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 agus a fhíorú sa phróiseas measúnaithe cáilíochta. Idirghabháil nach mbaineann léi ach coinníollacha incháilitheachta nach féidir faireachán a dhéanamh orthu, níl sí faoi réir an chleachtaidh measúnaithe cáilíochta.

6. I gcás ina nochtar easnaimh mar thoradh ar an measúnú cáilíochta, molfaidh an Ballstát gníomhaíochtaí ceartaitheacha leormhaithe.'

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

'*Airteagal 5*

Measúnú cáilíochta ar an gcóras faireacháin limistéir

1. Leis an measúnú cáilíochta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 70a de Rialachán (AE) 2021/2116, déanfar measúnú ar iontaofacht chur chun feidhme an chórais faireacháin limistéir, soláthrófar faisnéis dhiagnóiseach faoi fhoinsí na gcinntí míchearta ar leibhéal na n-idirghabhálacha agus na gcoinníollacha incháilitheachta ar féidir faireachán a dhéanamh orthu agus go háirithe déanfar measúnú ar chruinneas na faisnéise arna soláthar le haghaidh tuairisciú ar na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/2115.

2. Déanfar an measúnú cáilíochta trí anailís a dhéanamh ar íomhánna na bliana féilire céanna agus, i gcás inarb ábhartha, atá ar an gcáilíocht chéanna ar a laghad is gá don mheasúnú cáilíochta dá dtagraítear in Airteagal 70a de Rialachán (AE) 2021/2116 nó, i gcás inár gá, cuairteanna *in situ*. Féadfar cuairteanna *in situ* a dhéanamh tráth ar bith le linn na bliana agus cumhdófar leo, a mhéid is féidir, na coinníollacha incháilitheachta uile ar féidir faireachán a dhéanamh orthu is ábhartha do thairbhí ar leith le linn na cuairte céanna. Leis na híomhánna a úsáideann na Ballstáit le haghaidh an mheasúnaithe cáilíochta beifear in ann torthaí cinntitheacha iontaofa a sholáthar i ndáil leis an staid iarbhír ar an láthair. I gcás ina n-úsáideann na Ballstáit grianghraif gheoichlibeáilte chun breathnóireacht, rianú agus measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta mar shonraí a bhfuil luach iontu atá comhionann ar a laghad le sonraí satailíte fhairtheoirí Copernicus, féadfaidh na Ballstáit measúnú cáilíochta a dhéanamh ar na cinntí ar bhonn grianghraif gheoichlibeáilte trí anailís neamh-uathoibríoch a dhéanamh ar na grianghraif gheoichlibeáilte, ar choinníoll go dtairgfidh siad torthaí cinntitheacha iontaofa.

3. Ar leibhéal na n-idirghabhálacha, beidh na nithe seo a leanas sa mheasúnú cáilíochta:

(a) cainníochtú earráidí de dheasca cinntí míchearta maidir le coinníollacha incháilitheachta ar féidir faireachán a dhéanamh orthu ar dháileachtaí talún faoi idirghabháil limistéarbhunaithe. Is i heicteáir a shloinnfear an toradh;

(b) cainníochtú an lín dáileachtaí talún i gcás inar aimsíodh leis an gcóras faireacháin limistéir neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta agus an lín dáileachtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta tar éis an dáta is déanaí le haghaidh leasuithe ar iarratais ar chabhair.

4. Sna tuarascálacha atá le cur isteach faoin 15 Feabhra 2025 agus faoin 15 Feabhra 2027, cuimseofar freisin, maidir le coinníollacha incháilitheachta uile na n-idirghabhálacha limistéarbhunaithe a mheastar go bhféadfaí faireachán a dhéanamh orthu, fíorú go raibh siad faoi réir córas faireacháin limistéir sna blianta 2024 agus 2026, faoi seach. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le gníomhaíochtaí ceartaitheacha tar éis measúnú a dhéanamh ar thorthaí na dtuarascálacha sin.

5. Déanfar an measúnú cáilíochta trí sheiceáil a dhéanamh ar choinníollacha incháilitheachta na n-idirghabhálacha uile ar féidir faireachán a dhéanamh orthu a ndearnadh iarratas ina leith ar shampla ionadaíoch dáileachtaí talún.

6. Chun críocha an tsimplithe agus ós rud é go soláthraíonn sampla an mheasúnaithe cáilíochta ar an gcóras faireacháin limistéir leibhéal leormhaith dearbhaithe i ndáil le comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta in aghaidh na hidirghabhála, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na measúnuithe cáilíochta dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 5 den Rialachán seo a chur san áireamh i ndáil leis an oibleagáid córas rialaithe a chur ar bun a leagtar síos in Airteagal 72 de Rialachán (AE) 2021/2116.

7. Gach idirghabháil limistéarbhunaithe arna bhainistiú ag an gcóras comhtháite ar idirghabhálacha iad lena mbaineann ar a laghad coinníoll incháilitheachta amháin ar féidir faireachán a dhéanamh air, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iad a chur san áireamh sa sampla dáileachtaí talún agus a fhíorú sa phróiseas measúnaithe cáilíochta.

8. I gcás ina nochtar easnaimh mar thoradh ar an gcainníochtú dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) agus (b), molfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ceartaitheacha leormhaithe.

9. D'fhéadfadh cuairteanna *in situ* a bheith san áireamh i ngníomhaíochtaí ceartaitheacha maidir le coinníollacha incháilitheachta a ndéantar faireachán neamhchinntitheach orthu. I gcásanna ina bhfuil gá le gníomhaíochtaí ceartaitheacha tar éis thorthaí an mheasúnaithe cáilíochta le haghaidh na bliana féilire lena mbaineann, d'fhéadfadh sé gur ghá mionsonraí breise a chur san áireamh i dtuarascáil measúnaithe cáilíochta na bliana dár gcionn a mhéid a bhaineann leis na heasnaimh atá le leigheas.'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN